

❖ An Lúibín ❖

31 Márta 2018

Comhdháil ar Léann na hÉireann in Sydney – páipéir á n-iarraidh

Cuirfear an 23ú Comhdháil Astraláiseach ar Léann na hÉireann ar bun in Sydney i Mí na Samhna 2018. Beidh sé ar siúl in Ollscoil Sydney ag Campas Camperdown agus tá páipéir ar an téama 'Memory and Myth' á n-iarraidh.

Beidh an chomhdháil ar siúl le linn ceiliúradh a dhéanamh ar athrú saoil in Éirinn, nuair a bhí cuntais nua á dtabhairt ar 1916, mar bhua agus mar dhíomua, agus a ghéaraigh ar an díospóireacht faoin gCéad Chogadh Domhanda. De réir mar a bhí cúrsaí polaitíochta ag athrú tharraing an saol cultúrtha íomhánna anuas ón seansaol agus ón bhfinscéalaíocht féin, agus cuireadh suim nua in ealaín, i dteanga agus i litríocht na nGael.

Cuirfear fáilte freisin roimh pháipéir ar théamaí eile a bhaineann le cúrsaí staire, litríochta, Gaeilge, seandálaíochta, ceoil, reigiúin, spóirt, léinn Éireannaigh, rince, drámaíochta agus mar sin de.

Tá an chomhdháil á reáchtáil faoi choimirce Ollscoil Sydney agus a fundúireachta léinn Cheiltigh ar son an Irish Studies Association of Australia and New Zealand (www.isaanz.org). Beidh sí ar siúl sa phríomhchampas ag Camperdown, nach bhfuil ró-fhada ó lár na cathrach.

Beidh na príomhsheisiúin ar siúl ar 28, 29 agus 30 Samhain 2018. **Beifear ag súil le tairiscintí agus teideal agus le hachóimre nach mó ná 150 focal a chuirfear chun an Ollaimh Jonathan Wooding:** jonathan.wooding@sydney.edu.au. Is é an dáta deireanach **12 Bealtaine 2018**. Fáilteofar freisin roimh thairiscintí i dtaobh seisiúin ar théamaí áirithe.

Fáilteofar roimh iarratais do pháipéir acadúla i gcomhair Thionól Gaeilge a reachtáilfear Dé Máirt 27 Samhain 2018, mar chuid den chomhdháil ar Léann na hÉireann. 20 nóiméad a mhairfidh gach páipéir ar leith, móide 10 nóiméad ar a mhéid do dh'ospóireacht ina dhiaidh. **Beifear ag súil le hachóimre nach mó ná 150 focal a chuirfear chuig an Ollamh Anders Ahlqvist:** anders.ahlqvist@sydney.edu.au, roimh **12 Bealtaine 2018**; beidh áthas airsean aon cheist a fhreagairt.



Scéimeanna agus scéiméirí

Ó shuíomh an Choimisinéara Teanga:

Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí atá ainmnithe faoin Acht scéim teanga a ullmhú nuair a iarrann an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta a leithéid orthu faoi réir alt 11 den Acht.

Is iad an comhlacht poiblí agus an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta a chomhaontaíonn forálacha na scéime agus níl aon bhaint ag Oifig an Choimisinéara Teanga leis an bpróiseas seo.

Nuair a dhaingníonn an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta an scéim, tá feidhm reachtúil leis na gealltanais faoin scéim agus tá dualgas ar an gcomhlacht poiblí iad a chur i bhfeidhm.

Tá sé mar chuspóir leis na scéimeanna teanga méadú a dhéanamh ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil ó chomhlachtaí stáit thar thréimhse ama. Fanann na scéimeanna reachtúla seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go mbíonn scéim nua daingnithe ag an Aire.

Is é an cuspóir atá ag na scéimeanna ligean do chainteoirí Gaeilge a ngnó a dhéanamh leis an Stáit sa teanga is rogha leo. Ach tá an Coimisinéir Teanga Rónán Ó Domhnaill tar éis a fhógairt go bhfuil sé chun éirí as

monatóireacht a dhéanamh ar na scéimeanna céanna. Deir an Coimisinéir nach fiú monatóireacht a dhéanamh ar scéimeanna ‘ar beag a bhíonn geallta iontu’ agus nach bhfuil fonn air acmhainní teoranta a Oifige a chur amú leo.

Tá sé ráite cheana aige nach fuil pioc déanta ag an Stát maidir le feabhas a chur ar na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil. D’fhoilsigh an Coimisinéir tuarascáil ar chóras na scéimeanna teanga tamall ó shin agus dúirt sé inti gur minic a dhéanann an córas sin méid agus caighdeán na seirbhísí Gaeilge a lagú seachas iad a neartú. D’fhágfadh sin, a dúirt sé, gur gá córas nua a bhunú, agus mhol sé an leasú atá le déanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla chun córas a bhunú de réir caighdeán in áit chóras na scéimeanna teanga.

Tá fadhbanna níos bunúsaí ann, ar ndóigh. Níl a fhios ag an Stát cén aidhm atá aige maidir leis an nGaeilge – siombaileachas, dátheangachas, nó í a bheith á húsáid ag mionlach líofa. Tá a rian sin ar an bpraiseach atá déanta de mhúineadh na teanga agus ar bheartais teanga i gcoitinne. Is léir anois nach bfuil sna scéimeanna ach sop eile in áit na scuaibe agus gur cóir glacadh leis gur fearr cuidiú le mionlach díograiseach an teanga a chur chun cinn. Chun é sin a dhéanamh, áfach, ní foláir na sean-nathanna a chur i leataobh, athmhachnamh a dhéanamh agus tosú arís ó bhonn.



An t-ábhar a sheachaint

Is iomaí duine a mbeadh suim aige in alt in *Tuairisc.ie* faoi dhaltai in Éirinn a thugann droim láimhe leis an nGaeilge (‘Moltaí le déanamh faoi dheireadh maidir le leasú díolúine na Gaeilge sa chóras oideachas’).¹ Scéal é a tharraingítear anuas gach bliain agus a fhágann roinnt daoine corraithe, a bheag nó a mhór. Mar a deirtear san alt, bíonn conspóid ar leith ann faoi líon na ndaltaí Ardteiste a fhaigheann díolúine ón nGaeilge de dheasca míchumas éigin ach a dhéanann staidéar ar theangacha eile. 41% de dhaltai Ardteiste na bliana seo caite a fuair díolúine ón scrúdú Gaeilge rinne siad scrúdú i dteanga Eorpach eile.

Deitear san alt úd nach ndearna beagnach duine as gach cúigear an Ghaeilge in aon chor d’Ardteist na bliana seo agus go raibh díolúine ag a bhformhór sin. De réir líon na ndaltaí ar chlis an scrúdú Gaeilge orthu san Ardteist anuraidh agus a raibh ann de dhíolúintí, níor thaispeáin 20% d’iarrthóirí Ardteiste 2017 (12,600 dalta) go raibh bunchumas sa Ghaeilge acu.

Ní foláir aird a thabhairt ar gach a mbaineann leis an ‘bhfadhb’ seo. Admhaítear nach múintear an Ghaeilge de réir na modhanna teagaisc is fearr agus nach gcuirtear béim ar labhairt na teanga sna bunscoileanna. Admhaítear go bhfuil a lán múinteoirí Gaeilge ann nach bhfuil an teanga ar a dtail acu agus nach dtig leo Gaeilge a mhúineadh le héifeacht. Admhaítear go bhfuil easpa mhór múinteoirí Gaeilge ar scoileanna lán-Bhéarla agus scoileanna lán-Ghaeilge araon. Ba chóir a admháil freisin go mbíonn daltaí ann nach mbeidh suim acu sa teanga choíche, is cuma cén leasú a dhéanfar. Má admhaítear an méid sin go léir, is lú an t-iontas a bheadh ar dhaoine éigin go bhfuil an scéal mar atá.



Focal ar fhocal

Ba dheacair gan a bheith ar aon intinn le Máire Ní Fhinnéadha agus í ag scríobh in *Tuairisc.ie* le déanaí faoin útamáil a bhaineann leis an nGaeilge i gcáipéisí oifigiúla in Éirinn.² B’fhearr easpa Gaeilge ná í. Seo sampla den ghearán atá aici:

Le gairid thug mo ghnaithí ar shuíomh GLAS mé. Scéim talmhaíochta agus comhshaoil í seo ar cuid í de Chlár Forbartha na Tuaithe agus a bhfuil cuid mhaith cainte fúithi faoi láthair. Gach uile phioc den eolas le fáil i mBéarla faoin scéim, ach brúigh cnaipe na Gaeilge agus gheobhaidh tú an ráiteas misin agus eolas faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge!

Míriaradh agus míchúram, ar ndóigh, ach d’fhéadfadh Gaeilge na Straitéise a bheith níos measa ná mar atá sí, pé áit a mbuailfeadh sí leat. Scéal eile is ea an droch-Ghaeilge inti féin, agus níl a leithéid gann. Seo thíos Ní

¹ <https://tuairisc.ie/molta-le-deanamh-faoi-dheireadh-maidir-le-leasu-dioluine-na-gaeilge-sa-choras-oideachais/>

² <https://tuairisc.ie/failte-go-dti-ireland-ie-where-words-mostly-matterfad-is-nach-i-ngaeilge-iad/>

Fhinnéadha arís, í ag trácht ar an suíomh turasóireachta *ireland.ie* agus é 'lán le buaileam sciath is éirí in airde'. Tá Béarla an tsuímh inléite. Maidir leis an teanga eile...

Cur amú ama agus acmhainní domsa a bheith ag iarraidh Béarla i nGaeilge a léamh. Seachas an cantal a chuireann sé orm, léiríonn sé dearcadh 'déanfaidh sé cúis' i leith mo theanga. Ní ghlacfaí leis an tsiléig chéanna sa mBéarla go brách agus is léir gur dhúirt duine éigin áit éigin 'sure nobody reads it anyways'. Ach ar chuimhnigh aon duine go raibh cúis mhaith lena neamhléamh?

Fuair sí freagraí. Dúirt 'Concubhar': 'Léigh mé an leagan Ghaeilge de *ireland.ie* – nó sliochtaí as ar aon nós nó ghortaigh sé mo shúil – seachtain ó shin agus bhí orm na sliochtaí a chur isteach i Google Translate chun iad a mhíniú dom'. Agus is fiú freagra ó 'Aistritheoir gairmiúil' a thabhairt ina iomláine:

Táim féin ag obair in earnáil an aistriúcháin le roinnt blianta anuas agus feicim a leithéid go mion minic ó mo chomhaistritheoirí. Bíonn siad róthógtha don aistriúchán focal ar fhocal agus ní imíonn siad ó fhoclaíocht an Bhéarla ar fhaitíos nach mbeidh an t-aistriúchán slán ó thaobh céille de. Caithfear an téacs Béarla (nó teanga eile) a chur i mbéal an chainteora Gaeilge – céard a déarfadh an té sin dá mbeadh sé ag iarraidh an t-eolas céanna a thabhairt i nGaeilge bhinn nádúrtha? Más féidir leis an aistritheoir an méid sin a dhéanamh tá a chúram déanta aige.

An ceart aige ansin. Is namhaid í an cheird gan í a fhoghlaim, agus seo ceird nach bhfuil foghlamtha i gceart agat mura bhfuil sé de mhisneach agat an bunleagan a scagadh chun an bhunbhrí a chur in iúl. Ar éigean is fiú ceann ar bith de na haistriúcháin oifigiúla atá ar fáil a léamh (fiú más féidir a áitiú nach fiú na bunleaganacha Béarla a aistriú ar aon nós). Is beag duine a shéanfadh nach bhfuil an iomarca airgid curtha sa dul amú le seafóid den chineál seo. Obair gan bhláth gan slacht.



Stephen Hawking

Is gearr ó fuair Stephen Hawking, réaltfhisiceoir agus údar, bás. Moladh a éirim agus a mhisneach. Níor cheadaigh sé don ghalar néarón luadrach a bhí air é a sháru. A mhalairt ar fad, sháraigh a intinn an galar. Bhí sé sásta dul sa seans agus é ag iarraidh dhiamhair na hollchruinne a fhuascailt agus a mhíniú, agus níor dhiúltaigh sé riamh saothar a chomhghuaillithe a mholadh. Bhí sé orthu siúd is mó a thug léargas ar conas a gineadh an chruinne agus ar chomhdhéanamh na 'ilchruinne'.



Réaltra de chuid Coma Berenice, réaltbhuíon imigéiniúil.

Wikimedia Commons

Dúphoill

Nearthaigh sé an mhataimic a bhain le coincheap na ndúpholl, coincheap a d'eascair ó theoiric choibhneasachta Einstein sa bhliain 1915. Réigiúin den spás-am is ea na dúphoill agus imtharraingt chomh mór sin iontu nach féidir le haon rud éalú uathu (ach amháin radaíocht fhann). (De reir theoiricí Einstein, tá an spás agus an t-am fite fuaite ina chéile.) Deir teoiric na coibhneasachta gearrála go bhféadann rud an-dlúth an spás-am a chur as a riocht chun dúpholl a dhéanamh. 'Léaslíne' a thugtar ar theorainn an réigiúin sin.

Thaispeáin Hawking le teoirimí an-bheachta faoi chothromóidí imtharraingte Einstein go dteipfeadh ar na cothromóidí úd in áiteanna áirithe. Tugtar singilteachtaí ar na himeachtaí sin agus deirtear gur singilteacht é an taobh istigh de dhúpholl.

Deirtí nach gcuirfeadh dúphoill radaíocht ar bith amach. D'fhágfadh sin nach dtanófaí an dúpholl choíche: shlogfadh sé ina chraos gach rud a tháinig ina threo ach ní ligfeadh sé rud ar bith amach uaidh, fiú an tsolais.

Ar dtús chuir saothar Hawking in iúl nach bhféadfadh dúpholl dul i laghad, go háirithe dromchla a léaslíne teagmhais (an pointe nárbh fhéidir le haon rud imeacht thairis amach). Chomh maith leis sin, deir Dara Dlí na Teiridinimice nach féidir le heantrópacht chórais dhúnta (e.g. dúpholl) dul i laghad.³ Mhaígh Jacob Bekenstein sna 1970í go raibh eantrópacht dhúphoill ceangailte dá léaslíne theagmhais. Ach ní féidir le heantrópacht a bheith ann gan radaíocht.

Faoi dheireadh thaispeáin Hawking, trí mheicnic chandamach a chur san áireamh, go raibh radaíocht á cur amach ag na dúphoill. Tá an radaíocht seo déanta de cháithníní 'fíorúla' a bhíonn ag teacht agus ag imeacht sa réimse candamach ina péirí damhna-frithdhamhna, ceann amháin dearfach agus an ceann eile diúltach. De ghnáth scriosfadh an dá cheann a chéile, ach, de réir na teoirice, dá dtiocfaidís ann ag teorainn na léaslíne teagmhais, scriosfaí ceann acu agus d'imeodh an ceann eile an doras amach. Más é an cáithnín diúltach a scriosadh, chrapfadh an dúpholl beagáinín agus chuirfí oiread na fríde de radaíocht amach. D'imeodh an dúpholl féin as amharc faoi dheireadh. Níl a leithéid d'astúcháin feicthe fós, ach creideann an chuid is mó de na réaltfhisiceoirí go bhfuil siad ann.

Anuas go dtí sin creideadh go raibh eantrópacht le tomhas de réir na toirte a bhí i gcóras, agus ba sceál nua ar fad é go raibh nasc idir eantrópacht agus réimse.

Shíl Hawking nár chóir cuimhneamh ar an léaslíne mar líne chruinn cheart. Chuir sé síos ar theorainn shamhalta a athraíonn de réir iomlaoidí candamacha laistigh den dúpholl. Ní sháródh léaslíne 'shamhalta' an choibhneasacht ghinearálta ná an dinimic chandamach mura raibh sa réigiún thiar ach eolas aimhréidh gan ord. Shíl Hawking gurbh fhéidir le heolas éalú amach ach nárbh fhéidir linn é a mhíniú.

Taisteal spáis

Shíl Hawking gurbh éigean don chine daonna áit nua chónaithe a lorg i ngrianchórais eile i gceann idir 200 agus 500 bliain. Ba mhaith leis dá mbunófaí coilíneacht idirnáisiúnta ar an ngealach i gceann 30 bliain agus bunáit ar Mhars timpeall fiche bliain ina dhiaidh sin. Ba dhóigh leis go raibh an oiread sin rudaí ag bagairt orainn gurbh é an spás amháin a thabharfadh slán sinn. Luaigh sé borradh an daonra, síormhéadú an éilimh ar an bhfuinneamh, an téamh domhanda, an cogadh núicléach, agus dúirt sé, de réir dhlíthe na fisice agus na dóchúlachta, go mbauilfeadh mionphláinéad fúinn luath nó mall.

Tá deacrachtaí ann. Sa domhan seo a tháingamar ar an bhfód agus don domhan seo a oirimid. Cuireann taisteal spáis as go mór don chorp daonna, fiú ar thuras gearr. Chomh maith leis sin, ní féidir linn taisteal ach an deichiú cuid de luas an tsolais, agus dá bhrí sin thógfadh sé 50,000 bliain orainn an ghrian is gaire dúinn, Proxima Centauri, a bhaint amach. Ina theannta sin, mharódh an radaíocht sinn. Agus ní fhéadfadh ach an chuid is lú den chine daonna an domhan seo a fhágáil, fiú dá bhfuasclófaí na fadhbanna eile.

Boilsciú

An páipéar deireanach a scríobh Hawking (in éineacht le Thomas Hertog) ba é 'A Smooth Exit from Eternal Inflation' é. Fáisceadh an páipéar as teoiric na 'heaspa teorann,' teoiric de chuid Hawking nach cruthaíodh riamh. Deir teoiric na coibhneasachta ginearálta go raibh singilteacht ann roimh an Ollphléasc: mír a bhí an-dlúth agus thar a bheith te agus nach bhféadfadh dlíthe na fisice dul i bhfeidhm uirthi. Ní raibh aon teorainn ama léi mar nach raibh an t-am féin ann fós.

Ansin tharla an Ollphléasc – gin thobann spleodrach ó dhlúthphointe, rud ar eascraíomar féin uaidh i ndeireadh na dála. Chuir teoiric Hawking in iúl go n-eascródh a lán cruinní eile ón mionchruinne thosaigh sin agus í ag

³ Tugtar eantrópacht ar an méid randamachta nó neamhoird i gcóras. Deir Dara Dlí na Teiridinimice go méadaíonn an eantrópacht le himeacht aimsire.

borradh le luas lasrach. Bheadh ilchruinne ilghnéitheach ann, í déanta d'fho-chruinní, agus ní bheadh inár gcruinne féin ach ceann amháin as an iliomad. Ní bheifí in ann fáistine intástáilte a dhéanamh i dtaobh ár bhfo-chruinne féin, áfach, agus a leithéidí eile chomh líonmhar sin: d'fhéadfaí teacht ar thoradh ar bith.

Ní raibh Hawking féin sásta leis seo, agus chrom sé féin agus Thomas Hertog ar uimhir éigríochta na bhfo-chruinní a chaolú. Tháinig siad ar nasc idir fisic chandamach na bunchruinne agus dlíthe clasaiceacha ár gcruinne féin, rud a lig dóibh a mhaíomh gurb é is dóichí gur cosúil gach cruinne eile leis an gceann seo againne.

Tá rian na dtonnta imtharraingteacha a tháinig ón Ollphléasc le haithint fós ar an radaíocht mhicreathonnach (*radaíocht chúlra mhicreathonnach chosmach*) i ngach cearn den chruinne seo. Má thaispeánann brathadóirí satailíte gurb ionann an fuinneamh sa radaíocht sin agus an boilsciú i mionsamhail Hawking, b'fhéidir go dtabharfadh sin bun lena theoiric. Ach admhaítear go bhfuil na tonnta úd ina gcuid de theoiricí eile freisin agus go bhfuil obair le déanamh fós orthu. Déarfadh Hawking féin go bhfuil gá le tuiscint níos cruinne ar an imtharraingt chandamach.

Le léamh:

Stephen W. Hawking, *A Brief History of Time*, Bantam Books, 1988.

https://www.space.com/39988-black-hole-mysteries-stephen-hawking.html?utm_source=notification

<https://www.space.com/24418-stephen-hawking-no-black-holes.html>

<https://www.inverse.com/article/33284-stephen-hawking-apocalypse>

<https://www.space.com/38695-stephen-hawking-humanity-must-leave-earth.html>

<http://bigthink.com/dangerous-ideas/5-stephen-hawkings-warning-abandon-earth-or-face-extinction>

https://www.space.com/40074-stephen-hawking-multiverse-theory.html?utm_source=notification

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

